



# *Ábhar tacaíochta tuisceana agus bileoga oibre*

Cruthaithe ag Sadhbh Rosenstock

Cóipcheart © COMHAR 2024

Gach ceart ar cosaint. Is féidir na leathanaigh seo a fhótachóipeáil le haghaidh dáileadh saor in aisce.

*Leabhair*COMHAR

Le tacaíocht ó Chlár na Leabhar Gaeilge (Foras na Gaeilge)

Foras na Gaeilge

## *Inis Mara*

Údar: Tristan Rosenstock

Maisitheoir: Mark Wickham

Foilsitheoir: *Leabhair*COMHAR

# Clár

**Caibidil** **Leathanach**

CAIBIDIL 1 3
CAIBIDIL 2 5
CAIBIDIL 3 7
CAIBIDIL 4 9
CAIBIDIL 5 10
CAIBIDIL 6 11
CAIBIDIL 7 12
CAIBIDIL 8 13
CAIBIDIL 9 14
CAIBIDIL 10 16
CAIBIDIL 11 17
CAIBIDIL 12 19
CAIBIDIL 13 21
CAIBIDIL 14 22
CAIBIDIL 15 23
CAIBIDIL 16 25
CAIBIDIL 17 26
CAIBIDIL 18 27
CAIBIDIL 19 28
CAIBIDIL 20 29
CAIBIDIL 21 30
CAIBIDIL 22 31
CAIBIDIL 23 32
CAIBIDIL 24 33
CAIBIDIL 25 34

# CAIBIDIL 1

***Triail Tuisceana:***

1. Cá bhfuil an chéad chaibidil sa leabhar seo suite?

   ___________________________________________________________

2. Cad is ainm don chailín a chonaic comhartha deataigh?

   ___________________________________________________________

3. Céard a dhúisigh muintir Inis Mara gach maidin?

   ___________________________________________________________

4. Cén post a bhí ag Micí ar an oileán?

   ___________________________________________________________

5. Cad is ainm don dá oileán eile atá luaite sa chaibidil seo?

   ___________________________________________________________

6. Cad is brí leis an seanfhocal *'Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine'?*

   ___________________________________________________________

7. Cad a bhí le déanamh ag muintir an oileáin?

   ___________________________________________________________

8. Cén fáth go raibh díomá ar Éabha ag deireadh na caibidle?

   ___________________________________________________________

## *Gramadach*

***Tá caibidil 1 scríofa san aimsir chaite. Cuir na habairtí seo a leanas san aimsir láithreach:***

| Aimsir Chaite | Aimsir Láithreach |
|---|---|
| **1. Bhí saol breá ag muintir Inis Mara.** | **1. Tá saol breá ag muintir Inis Mara.** |
| **2. Rinne Micí bád seoil do chách.** | **2.** |
| **3. Thug siad glasraí dóibh.** | **3.** |
| **4. Thuig muintir na n-oileán go léir.** | **4.** |
| **5. Bhí ceannaire nua le ceapadh.** | **5.** |

# CAIBIDIL 2

***Tréithe na gCarachtar:***

***Tá An Santóir agus Chloe an tEolaí ag dul san iomaíocht lena chéile le bheith ina cheannaire/ceannaire nua ar Inis Mara. Is beirt an-éagsúil iad. Scríobh síos na tréithe atá acu sa bhosca thíos. Úsáid caibidil a dó sa leabhar le cuidiú leat:***

| An Santóir | Chloe an tEolaí |
|---|---|
| | |

***Líníocht:***

***Tá léaráidí den Santóir agus Chloe an tEolaí le feiceáil i gcaibidil a dó den leabhar. Roghnaigh duine amháin acu agus tarraing léaráid den teach a bheadh acu ar an oileán thíos:***

# CAIBIDIL 3

***Triail Tuisceana:***

1. **Cén fáth go raibh toghchán ag muintir Inis Mara?**

   ______________________________________________

2. **An raibh cead ag Éabha vóta a chaitheamh? Cén fáth?**

   ______________________________________________

3. **Cé hí Nell agus cén post a bhí aici ar lá an toghcháin?**

   ______________________________________________

4. **Cén fáth go raibh 61 vóta ar a laghad ag teastáil le bua a fháil sa toghchán?**

   ______________________________________________

5. **Cén saghas daoine iad Bodach agus Trodach, meas tú?**

   ______________________________________________

6. **Cén fáth gur roghnaigh muintir Inis Mara na vótaí a chomhaireamh an mhaidin dár gcionn?**

   ______________________________________________

***Obair bheirte (ó bhéal):***

***Lig ort go bhfuil tú ag caitheamh vóta sa toghchán ar Inis Mara. Déan plé air le do chara. Úsáid an stór focal thíos le cuidiú leat do vóta a chaitheamh:***

| | | |
|---|---|---|
| peann | páipéar | toghchán |
| vóta a chaitheamh | ar son | An Santóir |
| Chloe an tEolaí | ceannaire nua | toradh an vóta |


***<u>Póstaer toghcháin:</u>***

***Roghnaigh An Santóir nó Chloe an tEolaí agus déan póstaer toghcháin a dhearadh dóibh thíos:***

# CAIBIDIL 4

***<u>Plé ranga:</u>***

***Bhí an bua ag An Santóir sa toghchán agus is cosúil go mbeidh athruithe ag teacht do mhuintir Inis Mara. Féach ar an liathróid chriostail thíos. Déan plé ranga ar cad a cheapann tú a tharlóidh sa leabhar agus scríobh do smaointe sa liathróid chriostail:***



# CAIBIDIL 5

***Plé ranga:***

***Tá Chloe an tEolaí ag iarraidh neart na gaoithe agus na gréine a úsáid leis na tithe a théamh ach b'fhearr leis An Santóir ola a úsáid. Deir Chloe an tEolaí go bhfuil ola salach agus go millfidh sí an t-oileán. Déan na tuairimí seo a phlé le do rang.***

***Fuinneamh ó fheirmeacha gaoithe:***

***Scríobh síos na buntáistí a bhaineann le fuinneamh a fháil ón ngaoth agus ón ngrian:***

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

# CAIBIDIL 6

***Gluais:***

***Scríobh abairtí leis na focail thíos iontu. Úsáid an ghluais ar chúl an leabhair (Caibidil 1-6) le cuidiú leat:***

**1.** ***cúraimí***

**Tá an-chuid cúraimí ag an múinteoir ranga.**

**2.** ***santach***

______________________________________________________________

**3.** ***grianphainéil***

______________________________________________________________

**4.** ***istoíche***

______________________________________________________________

**5.** ***ceardlann***

______________________________________________________________

**6.** ***dóite***

______________________________________________________________

**7.** ***millfidh***

______________________________________________________________

**8.** ***ghabh***

______________________________________________________________

# CAIBIDIL 7

***Éist agus tarraing:***

***Éist leis an múinteoir ag léamh alt a haon, a dó agus a trí i gcaibidil 7. Tarraing pictiúr den oileán anois agus an mhonarcha ola ag déanamh damáiste d'Inis Mara:***

# CAIBIDIL 8

*Triail tuisceana:*

***Seo a leanas freagraí ar cheisteanna bunaithe ar chaibidil 8. Scríobh ceisteanna do na freagraí thíos:***

**1. Dhúisigh Éabha ar a deich tar éis a hocht.**

*Sampla:* Cén t-am ar dhúisigh Éabha?________________________________

**2. Bhí scamall dorcha sa spéir agus ní fhaca éinne an ghrian ag éirí.**

________________________________________________________________

**3. Bhí luibheanna leighis ag teastáil ó Nell.**

________________________________________________________________

**4. Ní raibh éinne in ann an comhartha deataigh a fheiceáil toisc go raibh deatach agus toitcheo san aer cheana féin.**

________________________________________________________________

**5. Is iad muintir Inis Lia a thug na luibheanna leighis d'Inis Mara.**

________________________________________________________________

**6. Dúirt Mamó Éabha léi go mbeadh sí ina croí agus ina gáire i gcónaí.**

________________________________________________________________

# CAIBIDIL 9

***Teachtaireacht i mbuidéal:***

***Rinne Éabha iarracht teachtaireacht a scríobh agus a sheoladh i mbuidéal chuig na hoileáin eile. Scríobh do theachtaireacht féin thíos chuig muintir Inis Lia agus Inis Móna. Abair leo an méid atá tar éis titim amach ar Inis Mara go dtí seo. Úsáid na focail sa bhosca thíos le cuidiú leat:***

A chairde,

| | |
|---|---|
| **Nell ar shlí na fírinne** | **monarcha ola** |
| **scamall dorcha sa spéir** | **Chloe an tEolaí sa phríosún** |
| **luibheanna leighis** | **Is mise le meas/Beir bua/<br>Slán go fóill/Do chara** |

# CAIBIDIL 10

***Litir a scríobh:***

***Scríobhann Éabha litreacha chuig a múinteoir Chloe an tEolaí agus í sa phríosún. Scríobh an freagra a chuireann Chloe chuig Éabha. Luaigh an saghas lae a bhíonn ag Chloe sa phríosún – an bia, an seomra ina bhfuil sí, na daoine eile sa phríosún léi is araile:***

_______________

***Éabha, a chara,***

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

________________________

________________________

# CAIBIDIL 11

***Gramadach:***

***Tá na habairtí thíos scríofa san aimsir chaite. Scríobh san aimsir fháistineach iad:***

| Aimsir Chaite | Aimsir Fháistineach |
|---|---|
| 1. Bhí an-chuid iasc san fharraige. | 1. Beidh an-chuid iasc san fharraige. |
| 2. Thug an fharraige féasta dóibh. | 2. |
| 3. Leag sé na héisc ar an mbord. | 3. |
| 4. Léim Éabha suas ar an ardán. | 4. |
| 5. Chuir sí a dorn san aer. | 5. |

## ***Biachlár:***

***Itheann gach éinne ar Inis Mara iasc. Lig ort gur leatsa an bhialann ar an oileán agus déan an biachlár a dhearadh. Úsáid na focail sa bhosca thíos le cuidiú leat:***

| | | |
|---|---|---|
| **céad chúrsa** | **príomhchúrsa** | **milseog** |
| **praghas** | **deochanna** | **bradán** |
| **scadán** | **portán** | **gliomach** |

# CAIBIDIL 12

***Triail Tuisceana:***

**1. Cén t-am den bhliain é i gcaibidil 12 den scéal?**

______________________________________________________________

**2. Cad a rinne na páistí a chniotáil ar scoil?**

______________________________________________________________

**3. Cén fáth go raibh dath dorcha, salach ar an olann?**

______________________________________________________________

**4. Cén fáth nach raibh muintir Inis Mara in ann an méid céanna ola a cheannach anois?**

______________________________________________________________

**5. Cad a tharla do an-chuid de mhuintir Inis Mara an geimhreadh sin?**

______________________________________________________________

**6. Cén fáth nach raibh siad in ann luibheanna leighis a fháil?**

______________________________________________________________

***Cuardach focal:***

***Déan iarracht na focail sa bhosca a aimsiú sa chuardach focal thíos:***

| | | | |
|---|---|---|---|
| luibheanna | gliomach | Éabha | Chloe |
| ola | Nell | iasc | cócó |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| l | i | c | l | l | e | n | c | s | m |
| g | o | h | u | c | ó | c | ó | i | a |
| s | g | l | i | o | m | a | c | h | r |
| o | a | h | b | a | é | i | a | s | c |
| i | l | a | h | a | a | é | n | ó | n |
| c | ó | a | e | o | l | h | c | l | e |
| a | n | n | a | e | h | b | i | u | l |
| b | h | d | a | i | n | i | s | b | h |

# CAIBIDIL 13

***Tuirbín gaoithe:***

***Déanann Éabha agus a cairde tuirbín gaoithe a thógáil chun fuinneamh a ghiniúint ó chumhacht na gaoithe. I ngrúpaí, déan taighde ar an idirlíon ar conas tuirbín gaoithe a dhéanamh déanta as páipéar. Déan plé ar conas gur féidir linn an ghaoth a úsáid le fuinneamh a ghiniúint.***

***Bosca adhmaid:***

***Tagann Éabha agus a cairde ar bhosca adhmaid agus iad ag tochailt. Níl a fhios againn cad atá sa bhosca go fóill. Scríobh trí fhéidearthacht thíos:***

*1. ____________________________________________________________*

*2. ____________________________________________________________*

*3. ____________________________________________________________*

# CAIBIDIL 14

***Triail tuisceana:***

***Seo a leanas freagraí ar cheisteanna bunaithe ar chaibidil 14. Scríobh ceisteanna do na freagraí thíos:***

**1. D'aimsigh Éabha na vótaí sa bhosca adhmaid.**

*Sampla:* Cad a d'aimsigh Éabha sa bhosca adhmaid?______________________

**2. Bhí 120 vóta san iomlán ann.**

__________________________________________________________________

**3. Ainm Chloe a bhí le feiceáil ar an gcuid is mó de na vótaí.**

__________________________________________________________________

**4. 117 vóta san iomlán a bhí faighte ag Chloe.**

__________________________________________________________________

**5. An Santóir, Bodach agus Trodach an triúr a chaith vóta leis an Santóir.**

__________________________________________________________________

**6. Chuir Éabha an tuirbín gaoithe isteach sa talamh.**

__________________________________________________________________

# CAIBIDIL 15

## *Gramadach*

***Tá na habairtí seo ó chaibidil 15 scríofa san aimsir chaite. Cuir na habairtí seo a leanas san aimsir láithreach:***

| *Aimsir Chaite* | *Aimsir Láithreach* |
|---|---|
| **1. Thug an slua bualadh bos di.** | **1. Tugann an slua bualadh bos di.** |
| **2. Léim Éabha ar an ardán.** | **2.** |
| **3. Tháinig na hiascairí isteach.** | **3.** |
| **4. D'oscail sé a bhéal.** | **4.** |
| **5. Chuir Iarla ceist air.** | **5.** |
| **6. Bhí gach duine ag fanacht.** | **6.** |

***Oideas:***

***Lig ort gur tusa an cócaire ar Inis Mara. Scríobh oideas dinnéir agus úsáid iasc. Déan taighde ar an idirlíon más mian leat:***

## Mias an Lae:

____________________________________

***Comhábhair:***

***Tarraing pictiúr den mhias thíos:***

________________________________

________________________________

________________________________

________________________________

________________________________

________________________________

***Modh:***

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

# CAIBIDIL 16

***Cuardach focal:***

***Déan iarracht na focail sa bhosca a aimsiú sa chuardach focal thíos:***

| | | | |
|---|---|---|---|
| tuirbín | fuinneamh | Inis Mara | vóta |
| chuala | adhmad | bosca | leithreas |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| t | u | r | b | l | e | i | t | h | r |
| h | g | t | f | d | a | u | h | c | b |
| v | c | h | u | a | l | a | i | o | a |
| c | ó | d | i | i | s | c | s | b | l |
| f | u | t | n | e | r | c | n | n | e |
| é | a | f | n | s | a | b | o | s | c |
| d | h | i | e | l | e | i | í | t | h |
| v | ó | t | a | o | f | u | i | n | o |
| a | d | h | m | a | d | v | ó | p | r |
| r | t | u | h | v | r | ó | t | b | c |
| d | s | a | e | r | h | t | i | e | l |
| a | r | a | m | s | i | n | i | f | é |

# CAIBIDIL 17

***Scríbhneoireacht:***

***Lig ort gur tusa Chloe an tEolaí. Scaoileadh ón bpríosún inniu thú. Scríobh síos na rudaí a dhéanfá inniu. Déan é a phlé le do ghrúpa ar dtús:***

1. ____________________________________________________________

2. ____________________________________________________________

3. ____________________________________________________________

4. ____________________________________________________________

5. ____________________________________________________________

6. ____________________________________________________________

7. ____________________________________________________________

8. ____________________________________________________________

# CAIBIDIL 18

***Gluais:***

***Scríobh abairtí leis na focail thíos iontu. Úsáid an ghluais ar chúl an leabhair (Caibidil 9-18) le cuidiú leat:***

**1. *scadán***

***Sampla:* D'ith mé scadán don dinnéar inné.**

**2. *díograiseach***

____________________________________________________________

**3. *bradán***

____________________________________________________________

**4. *ag sileadh***

____________________________________________________________

**5. *brocach***

____________________________________________________________

**6. *te teolaí***

____________________________________________________________

**7. *gann ar airgead***

____________________________________________________________

**8. *bréan***

____________________________________________________________

# CAIBIDIL 19

***Éist agus tarraing:***

***Éist leis an múinteoir ag léamh alt a dó, a trí, a ceathair agus a cúig i gcaibidil 19. Tarraing pictiúr den oileán anois agus an t-aer salach beagnach glanta ar Inis Mara:***

# CAIBIDIL 20

***Ábhair scoile:***

***Sa chaibidil seo, múineann Chloe an tEolaí d'Iarla conas báid seoil a dhéanamh. Is féidir adhmadóireacht a fhoghlaim i roinnt scoileanna sa mheánscoil. Déan taighde ar na hábhair gur féidir leat a fhoghlaim sa mheánscoil. Scríobh liosta de na hábhair agus cuir tic in aice leis na hábhair gur mhaith leatsa a fhoghlaim:***

| *Ábhar Scoile sa Mheánscoil* | √ *(má tá spéis agat san ábhar sin)* |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

# CAIBIDIL 21

***Triail Tuisceana:***

**1. Cá mhéad ama a thóg sé ar Iarla a chéad bhád seoil a thógáil?**

______________________________________________________________

**2. Cé a mhúin d'Iarla conas na báid a thógáil?**

______________________________________________________________

**3. Cá raibh Éabha ag dul ar an mbád?**

______________________________________________________________

**4. Cén fáth go raibh ar Éabha taisteal chuig na háiteanna seo?**

______________________________________________________________

**5. Cad a bhí tar éis tarlú ar Inis Móna?**

______________________________________________________________

**6. Cad a dúirt Éabha le muintir Inis Móna agus Inis Lia mar réiteach?**

______________________________________________________________

# CAIBIDIL 22

***Báid seoil:***

***Tógann Iarla báid seoil do mhuintir Inis Móna agus Inis Lia. Is as adhmad atá siad déanta agus tá seolta móra orthu chomh maith. Is minic a thugtar ainm do bhád. Tarraing pictiúr de bhád seoil thíos agus cuir ainm air:***

# CAIBIDIL 23

***Cuardach focal:***

***Déan cuardach focal a dhearadh thíos. Cuir ceist ar dhuine éigin i do ghrúpa na focail a scríobhann tú sa bhosca a aimsiú sa chuardach focal:***

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |

# CAIBIDIL 24

***Cuireadh:***

***Beidh cóisir ar Inis Mara agus tá cuireadh faighte ag muintir Inis Móna agus muintir Inis Lia. Déan an cuireadh chuig an bhféasta a dhearadh thíos:***

***Bia don chóisir:***

***Déan liosta den bhia a bheidh ar fáil ag an gcóisir:***

| | |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |

# CAIBIDIL 25

***Plé ranga agus scríbhneoireacht:***

***Feiceann Éabha comhartha deataigh os cionn Inis Sia. Rachaidh sí ann le cuidiú leo, más féidir léi. Cad a cheapann tú atá tar éis titim amach ar an oileán sin? Déan é a phlé leis an rang agus scríobh na tuairimí thíos:***

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

***Scannán bunaithe ar an leabhar:***

***Lig ort gur iarradh ort póstaer a dhearadh don scannán Inis Mara atá bunaithe ar an leabhar. Tarraing an póstaer thíos. Beidh ort ainmneacha na n-aisteoirí, an stiúrthóir agus an dáta ina mbeidh sé sa phictiúrlann a scríobh ar an bpóstaer:***